**COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH**

**GA**

14737/1/12 REV 1

(OR. en)

PRESSE 418
PR CO 52

# PREASEISIÚINT

An 3190ú cruinniú de chuid na Comhairle

## Iomaíochas (an Margadh Inmheánach, Tionsclaíocht, Taighde agus an Spás)

Lucsamburg, an 10 agus an 11 Deireadh Fómhair 2012

**An tUachtarán** **Stavros MALAS**
An tAire Sláinte (freagrach as gnóthaí um Thaighde freisin)
**Neoklis SYLIKIOTIS**
Aire Tráchtála, Tionsclaíochta agus Turasóireachta na Cipire

**P R E A S**

Rue de la Loi 175 B – 1048 AN BHRUISÉIL Teil.: +32 (0)2 281 / 6319 Facs: +32 (0)2 281 8026
press.office@consilium.europa.eu http://www.consilium.europa.eu/Newsroom

## Príomhthorthaí na Comhairle

*Tháinig an Chomhairle ar chomhaontú maidir le príomhghnéithe na* ***rialacha rannpháirtíochta*** *i dtionscadail a chistítear faoi* ***"Fís 2020"****, .i. an chéad chreatchlár eile um thaighde agus nuálaíocht don tréimhse 2014-2020. Comhaontaíodh freisin na modhanna chun an* ***Institiúid Eorpach um Nuálaíocht agus Teicneolaíocht*** *a chuimsiú i gclár Fís 2020*

*Bhí díospóireacht beartais ag an gComhairle maidir leis na chéad chéimeanna eile chun an* ***Limistéar Eorpach Taighde*** *a chur ag obair.*

*Bhí díospóireacht ag an gComhairle inar díríodh ar* ***bheartas tionsclaíocht na hEorpa*** *a atreisiú agus ar a ról san fhás agus sa téarnamh eacnamaíoch freisin. Mheas siad freisin bearta sonracha chun tacú le* ***hearnáil na tógála*** *agus le* ***hearnálacha an chultúir agus na cruthaitheachta****. Chomh maith leis sin, glacadh conclúidí i ndáil* ***le príomhtheicneolaíochtaí cumasaithe*** *atá an-tábhachtach don nuálaíocht agus don iomaíochas sa tionsclaíocht, lena n-áirítear i réimsí amhail nanaitheicneolaíocht, biteicneolaíocht agus ábhair shárfhorbartha. Leis sin, tugadh an solas glas don lainseáil den* ***Chomhphairtíocht Nuálaíochta Eorpach ar Amhábhair****.*

*Tá an Chomhairle meáite ar iarrachtaí a threisiú d'fhonn dlús a chur leis an gcur chuige chun go nglacfar an dá bheart déag atá sa phacáiste um fhás, iomaíochas agus forás sóisialta arna shonrú sa* ***"Ghníomh um an Margadh Aonair I"***

*I réimse chosaint na dtomhaltóirí, d'fhormhuinigh an Chomhairle an* ***Clár Eorpach do Thomhaltóirí*** *don tréimhse seo chugainn.*

# CLÁR[1]

**RANNPHÁIRTITHE** ........................................................................................................ **5**

**MÍREANNA A PLÉADH**

FÍS 2020: clár nuálaíochta agus taighde don tréimhse 2014-2020 ........................................ 8

*-Rialacha rannpháirtíochta i ngníomhaíochtaí a bhaineann le Fís 2020* ............................ 8

*An Institiúid Eorpach um Nuálaíocht agus Teicneolaíocht (EIT)* ........................................ 9

An Limistéar Eorpach Taighde: ............................................................................................ 10

Beartas tionsclaíoch agus a rannchuidiú san fhás agus sa téarnamh eacnamaíoch ............ 12

- *Uasdátú ar an tionscadal suaitheanta um beartas tionsclaíoch* ...................................... 12

- *Earnáil na tógála* ............................................................................................................... 13

- *Earnálacha an chultúir agus na cruthaitheachta* ............................................................. 13

- *Príomhtheicneolaíochtaí cumasaithe / Comhpháirtíocht nuálaíochta ar amhábhair* ..... 14

An Gníomh um an Margadh Aonair ...................................................................................... 14

An Clár Eorpach do Thomhaltóirí ........................................................................................ 15

Aon ghnó eile ......................................................................................................................... 16

- Bonneagair thaighde ........................................................................................................... 16

- Tionscal cruach na hEorpa .................................................................................................. 16

- Fóram Turasóireachta na hEorpa (an Niocóis, 25-26 Deireadh Fómhair) ..................... 16

- Cúnamh stáit don tionscal scannánaíochta ....................................................................... 17

- Nósanna oibre na Comhairle (Iomaíochas) ........................................................................ 17

[1]
- I gcás ina mbeidh dearbhuithe, conclúidí nó rún glactha go foirmiúil ag an gComhairle, léirítear é seo sa cheannteideal don ábhar lena mbaineann agus cuirtear an téacs idir chomharthaí athfhriotail.
- Doiciméid a dtugtar tagairtí dóibh sa téacs, tá siad ar fáil ar láithreán Idirlín na Comhairle (http://www.consilium.europa.eu).
- Gníomhartha a glacadh le dearbhuithe do mhiontuairiscí na Comhairle agus a fhéadfar a scaoileadh leis an bpobal, taispeántar le réiltín iad; tá na dearbhuithe seo ar fáil ar láithreán Idirlín na Comhairle nó féadfar iad a fháil ón bPreas-Oifig.

**MÍREANNA EILE A FORMHEASADH**

*TAIGHDE*

– an Ailgéir - an Bhreasaíl - Comhaontuithe um chomhar eolaíoch agus teicneolaíoch ........................................ 18

*DLÍ NA gCUIDEACHTAÍ*

– Treoir maidir le coimircí a chomhordú - Leagan uasdátaithe.................................................................................. 18

*FUINNEAMH*

– Comhphobal an Fhuinnimh - 10ú Comhairle na nAirí ............................................................................................ 18

# RANNPHÁIRTITHE

| | |
|---|---|
| **An Bheilg:** | |
| Johan VANDE LANOTTE | LeasPhríomh-Aire agus an tAire Geilleagair, Tomhaltóirí agus na Mara Thuaidh |
| Jean-Claude MARCOURT | Leas-Uachtarán agus an tAire Gnóthaí Eacnamaíocha, FBManna, Trádála Eachtraí agus Teicneolaíochtaí Nua |
| Ingrid LIETEN | LeasAire-Uachtarán an Rialtais Phléimeannaigh agus an tAire Pléimeannach um Nuálaíocht, um Infheistíocht Phoiblí, um na Meáin agus um Laghdú Bochtaineachta |
| **An Bhulgáir:** | |
| Sergei IGNATOV | An tAire Oideachais, Óige agus Eolaíochta |
| Petia VASSILEVA | Leas-Bhuanionadaí |
| **Poblacht na Seice:** | |
| Michal ZAORALEK | An Leas-Aire ag an Aireacht Oideachais, Óige agus Spórt |
| Milan HOVORKA | An Leas-Aire Tionscail agus Trádála |
| **An Danmhairg:** | |
| Uffe TOUDAL PEDERSEN | Rúnaí Buan, ag an Aireacht Eolaíochta, Teicneolaíochta agus Nuálaíochta |
| Jonas BERING LIISBERG | Leas-Bhuanionadaí |
| **An Ghearmáin:** | |
| Georg SCHÜTTE | Státrúnaí, An Aireacht Chónaidhme Oideachais agus Taighde |
| Stefan KAPFERER | Státrúnaí, An Aireacht Chónaidhme Gnóthaí Eacnamaíocha agus Teicneolaíochta |
| **An Eastóin:** | |
| Jaak AAVIKSOO | An tAire Oideachais agus Eolaíochta |
| Clyde KULL | Leas-Bhuanionadaí |
| **Éire:** | |
| Seán SHERLOCK | An tAire Stáit a bhfuil freagracht air maidir le Taighde agus Nuálaíocht (An Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta agus an Roinn Oideachais agus Scileanna) |
| Richard BRUTON | An tAire Post, Fiontair agus Nuálaíochta |
| **An Ghréig:** | |
| Vasilis MAGLARIS | Ardrúnaí um Thaighde agus Theicneolaíocht ag an Aireacht Oideachais, Ghnóthaí Reiligiúin, Chultúir agus Spóirt |
| Spyridon EFSTATHOPOULOS | An tAire Stáit ag an Aireacht um Fhorbairt, Iomaíochas, Bonneagar, Iompar agus um Ghréasáin |
| **An Spáinn:** | |
| Carmen VELA OLMO | An Státrúnaí Taighde, Forbartha agus Nuálaíochta |
| Luis VALERO | An Rúnaí Stáit ag an Aireacht Tionsclaíochta, Fuinnimh agus Turasóireachta |
| José Pascual MARCO MARTINEZ | Leas-Bhuanionadaí |
| **An Fhrainc:** | |
| Arnaud MONTEBOURG | An tAire Athghiniúna Eacnamaíche |
| Alexis DUTERTRE | Leas-Bhuanionadaí |
| **An Iodáil:** | |
| Enzo MOAVERO MILANESI | An tAire a bhfuil freagracht air maidir le Gnóthaí Eorpacha |
| Massimo VARI | An Státrúnaí Forbartha Eacnamaíche |
| Marco PERONACI | Leas-Bhuanionadaí |
| **An Chipir:** | |
| Neoklis SYLIKIOTIS | An tAire Tráchtála, Tionsclaíochta agus Turasóireachta |
| Stavros MALAS | An tAire Sláinte |
| **An Laitvia:** | |
| Roberts ĶĪLIS | An tAire Oideachais agus Eolaíochta |
| Lauma SIKA | Státrúnaí gníomhach, An Aireacht Oideachais agus Eolaíochta |
| Juris PŪCE | Státrúnái, An tAire um an nGeilleagar |

| | |
|---|---|
| **<u>An Liotuáin:</u>** | |
| Nerija PUTINAITE | An Leas-Aire Oideachais agus Eolaíochta |
| Giedrius KADZIAUSKAS | An Leas-Aire Geilleagair |
| **<u>Lucsamburg:</u>** | |
| Etienne SCHNEIDER | An tAire Gnóthaí Eacnamaíocha agus Trádála Eachtraí |
| Michèle EISENBARTH | Leas-Bhuanionadaí |
| **<u>An Ungáir:</u>** | |
| Zoltán CSÉFALVAY | Státrúnaí, an Aireacht um an nGeilleagar Náisiúnta |
| Olivér VÁRHELYI | Leas-Bhuanionadaí |
| **<u>Málta:</u>** | |
| Jason Azzopardi | An tAire um Iomaíochas Cothrom, um Ghnólachtaí Beaga agus um Thomhaltóirí |
| Patrick MIFSUD | Leas-Bhuanionadaí |
| **<u>An Ísiltír:</u>** | |
| Halbe ZIJLSTRA | An Státrúnaí Oideachais, Cultúir agus Eolaíochta |
| Derk OLDENBURG | Leas-Bhuanionadaí |
| **<u>An Ostair:</u>** | |
| Karlheinz TÖCHTERLE | An tAire Cónaidhme Oideachais agus Taighde |
| Harald GÜNTHER | Leas-Bhuanionadaí |
| **<u>An Pholainn:</u>** | |
| Jacek GULIŃSKI | Leas-Státrúnaí, An Aireacht Eolaíochta agus Ardoideachais |
| Andrzej DYCHA | Leas-Státrúnaí, An Aireacht Gnóthaí Eacnamaíocha |
| Karolina OSTRZYNIEWSKA | Leas-Bhuanionadaí |
| **<u>An Phortaingéil:</u>** | |
| Leonor PARREIRA | An Státrúnaí Eolaíochta |
| Carlos OLIVEIRA | An Státrúnaí Fiontair, Iomaíochais agus Nuálaíochta |
| **<u>An Rómáin:</u>** | |
| Nicolae ROTILEANU | Státrúnaí, an Aireacht um an nGeilleagar, Trádáil agus Timpeallacht an Ghnó |
| Tudor PRISECARU | An tAire Stáit, an tÚdarás Náisiúnta um Thaighde Eolaíoch |
| **<u>An tSlóivéin:</u>** | |
| Žiga TURK | An tAire Oideachais, Eolaíochta agus Spóirt |
| Uroš VAJGL | Leas-Bhuanionadaí |
| **<u>An tSlóvaic:</u>** | |
| Štefan CHUBODA | Státrúnaí, an Aireacht Oideachais, Eolaíochta, Taighde agus Spóirt |
| Pavol PAVLIS | Státrúnái, An tAire um an nGeilleagar |
| **<u>An Fhionlainn:</u>** | |
| Jouni HAKALA | Státrúnái, An tAire um an nGeilleagar |
| Marja RISLAKKI | Leas-Bhuanionadaí |
| **<u>An tSualainn:</u>** | |
| Jan BJÖRKLUND | An LeasPhríomh-Aire, an tAire Oideachais |
| Ewa BJÖRLING | An tAire Trádála |
| Marita LJUNG | An Státrúnaí don Aire um Theicneolaíocht Faisnéise agus Gnóthaí Réigiúnacha |
| **<u>An Ríocht Aontaithe:</u>** | |
| David WILLETTS | An tAire Stáit Gnó, Nuála agus Scileanna (An tAire um Ollscoileanna agus Eolaíocht) |
| Shan MORGAN | Leas-Bhuanionadaí |

**An Coimisiún:**

| | |
|---|---|
| Neelie KROES | An Leas-Uachtarán |
| Antonio TAJANI | An Leas-Uachtarán |
| Máire GEOGHEGAN-QUINN | Comhalta |
| Michel BARNIER | Comhalta |
| John DALLI | Comhalta |

---

Rinneadh ionadaíocht ar Rialtas an Stáit Aontaigh mar a leanas:

**AN CHRÓIT**

| | |
|---|---|
| Marija LUGARIĆ | An Leas-Aire Eolaíochta, Oideachais agus Spóirt |
| Irena ANDRASSY | Leas-Bhuanionadaí |

**ÁBHAIR A PLÉADH**

**FÍS 2020: clár nuálaíochta agus taighde don tréimhse 2014-2020**

***-Rialacha rannpháirtíochta i ngníomhaíochtaí a bhaineann le Fís 2020***

Bhain an Chomhairle cur chuige ginearálta páirteach amach[1] maidir le dréacht-Rialachán lena leagan síos na téarmaí agus coinníollacha rannpháirtíochta sna tionscadail taighde a chistítear faoi Fís 2020 *(14846/12)*. Féadfaidh comhlachtaí taighde, ollscoileanna, gnóthais, cuibhreannais thionsclaíocha etc. bheith rannpháirteach iontu.

Leagtar síos sa dréacht-Rialachán seo freisin na rialacha maidir le torthaí na dtionscadal taighde a shaothrú, a chosaint agus a leathadh.

Leis an gcomhaontú sin réitítear an bealach chun tús a chur le caibidlíocht le Parlaimint na hEorpa d'fhonn go nglacfaí ag an gcéad léamh é.

Bhí díospóireacht phoiblí ag Airí, ar bhonn togra ón Uachtaránacht, ar ábhair atá fós gan réiteach amhail an tslí is fearr chun an leibhéal simplithe is airde a bhaint amach, go háirithe ar mhaithe le leas na n-eagraíochtaí rannpháirteacha; agus an tsamhail maoinithe a bheidh le húsáid maidir le haisíoc na ngníomhaíochtaí taighde agus an fhéidearthacht chun an rannpháirtíocht a mhéadú trí ghairm bheatha an taighdeora a dhéanamh níos tarraingtí ar fud an AE.

Faoin gComhaontú, is é a bheadh sa chóras simplithe ná ráta aonair aisíocaíochta i ndáil le gach costas incháilithe do gach tionscadal taighde ar ráta é bheadh i bhfeidhm do gach gníomhaíocht laistigh de thionscadal taighde agus do gann rannpháirtí. Bheadh uasteorainn 100% ar na haisíocaíochtaí maidir le costas iomlán incháilithe don tionscadal, agus sin teorannaithe do huasmhéid 70% maidir le gníomhaíochtaí atá gar don mhargadh agus do chláir um ghníomhaíochtaí comh-chistithe. Bheadh ráta comhréidh 25% den chostas iomlán in cháilithe le haisíoc chun costais indíreacha a chumhdach. Cuimsíodh scéim "bónas+" sa chomhaontú faoina mbeadh costais incháilithe a bhain le pearsanra in ann íocaíochtaí forlíontacha don phearsanra suas le €8 000 an duine in aghaidh na bliana a chuimsiú

[1] Is éard atá i gcur chuige ginearálta comhaontú ar phríomhghnéithe an ghnímh reachtaigh, ag feitheamh ar thuairim ó Pharlaimint na hEorpa agus dhíospóireachtaí ábhartha maidir le buiséad ilbhliantúil an AE.

Pléadh roinnt de na hábhair seo ag cruinniú ullmhaithe neamhfhoirmiúil an 20 Iúil, nuair a chomhaontaigh Airí an gá a bhain le simpliú nithiúil ar na rialacha rannpháirtíochta agus leathadh faoi Fís 2020 d'fhonn na taighdeoirí agus nuálaithe is fearr a mhealladh[1].

Nuair a fhormheastar seo, beidh feidhm ag an tacar rialacha coiteanna seo ar rannpháirtíocht i dtionscadail arna mbainistiú ag an Institiúid Eorpach um Nuálaíocht agus Teicneolaíocht (EIT).

***An Institiúid Eorpach um Nuálaíocht agus Teicneolaíocht (EIT)***

Tháinig an Chomhairle ar chomhaonú maidir le cur chuige ginearálta i ndáil le dréacht-Rialachán lena leasófar rialacha na hInstitiúide Eorpaí um Nuálaíocht agus Teicneolaíocht (EIT) *(14851/12)*.

Leis an gcomhaontú sin réitítear an bealach chun tús a chur le caibidlíocht le Parlaimint na hEorpa d'fhonn go nglacfaí ag an gcéad léamh é.

Leis an dréacht-Rialachán beidh an EIT in ann bheith ina dlúthchuid de Fís 2020.

Leanfaidh an EIT, a cuireadh ar bun i mí an Mhárta 2008, de chumas nuálaíochta an AE agus na mBallstát a threisiú agus cuirfear le sprioc ginearálta Fís 2020 freisin, go príomha trí "triantán eolais" an ardoideachais, an taighde agus na nuálaíochta a chomhtháthú. Is trí na Pobail Eolais agus Nuála (KICanna) go príomha a dhéantar an comhtháthú sin, ina dtugtar eagraíochtaí le chéile ar bhonn fadtéarmach chun freagairt do dhúshláin mhóra na sochaí.

Faoi Fís 2020, gheobhadh an EIT ranníocaíocht airgeadais €3.1 billiún don tréimhse sin idir 2014 agus 2020.

An 8 agus 9 Samhain, tá comhdháil pleanáilte le bheith ar siúl in Larnaca, an Chipir, dar Teideal *"EIT Stakeholders Conference – Addressing Societal Challenges through the EIT [Comhdháil Gheallsealbhóirí an EIT - Aghaidh a thabhairt ar Dhúshláin Shochaíocha i gcomhar leis an EIT]"* (http://www.facebook.com/ConfEITCy).

[1] http://www.cy2012.eu/index.php/en/file/Sm7rFRmoNSr2nxXo9+AUZw==

*Fís 2020 - an staid reatha*

An 31 Bealtaine 2012, tháinig an Chomhairle ar chomhaontú i ndáil le cur chuige ginearálta páirteach maidir le **"Fís 2020" creatchlár** *(10663/12)*. Tiocfaidh Fís 2020 in ionad an 7ú creatchlár um thaighde (FP7), a bheidh i bhfeidhm go dtí deireadh na bliana 2013.

Ar an ócáid sin, thug an Chomhairle dá haire freisin tuarascáil *(*10219/12*)* maidir leis an dul chun cinn a rinneadh sna trí chuid eile den phacáiste: an clár sonrach chun Fís 2020 a chur chun feidhme, na rialacha rannpháirtíochta do thionscadail taighde agus clár Euratom maidir le gníomhaíochtaí taighde núicléach.

Leis an gcreat nua don taighde, ceaptar go mbeifear in ann fáil réidh leis an róroinnt agus cur le comhtháiteacht réimse an taighde. Tógfaidh Fís 2020 ar choincheap reatha an FP7, ar an gClár Iomaíochais agus ar an EIT.

I gcomparáid le FP7, tá roinnt gnéithe nua ag Fís 2020 lena gcabhrófar leis fás a chur chun cinn agus aghaidh a thabhairt ar dhúshláin shochaíocha.

Chuir an Coimisiún i láthair na codanna éagsúla de Fís 2020 ar an 30 Samhain 2011.

http://ec.europa.eu/cip/cosme/index_en.htm

Tá sé beartaithe € 80 billiún a leithdháileadh don tréimhse 2014-2020, rud a fhágann gurb é Fís 2020 an clár taighde is mór ar domhan.

**An Limistéar Eorpach Taighde:**

Bhí díospóireacht phoiblí ag an gComhairle ar na príomhghnéithe sin ar cheart dóibh bunú agus cur i bhfeidhm an Limistéar Eorpaigh Thaighde a dheimhniú (ERA) *(13983/12)*.

Cuirfear toradh na díospóireachta sin leis na dréacht-Chonclúidí maidir leis an ERA atá le cur isteach lena bhformheas ag an gComhairle (Iomaíochas) i mí na Nollag.

Roimh an bplé sin, chuir an Coimisiún i láthair a theachtaireacht "Comhpháirtíocht neartaithe um an Limistéar Eorpach Taighde ar mhaithe le sármhaitheas agus Fás” *(12848/12)*, a foilsíodh an 17 Iúil 2012, mar aon leis an teachtaireacht “I dtreo rochtain níos fearr ar fhaisnéis eolaíoch: Breisluach a chur le hinfheistíochtaí poiblí sa taighde” *(12847/12)* mar aon le moladh maidir le rochtain ar fhaisnéis eolaíoch agus caomhnú na faisnéise sin freisin *(13983/12)*.

Chuir roinnt toscaireachtaí a n-easaontas in iúl faoi chur chuige an Choimisiúin chomh maith leis na tosaíochtaí a liostaíodh sna teachtaireachtaí.

Beidh gá le súil ghéar a choimeád ar gach gné de chun deimhniú go mbaintear amach cuspóirí an ERA go léir.

Le himeacht na mblianta, rinneadh dul chun cinn i dtreo ERA a chruthú trí ionstraimí amhail creatchláir thaighde ilbhliantúla i ndiaidh a chéile, trí chomhthionscadail phleanáilte agus trí chuibhreannais um infrastruchtúir thaighde a úsáid. Cé go bhfuil sin fíor, ní hionann an dul chun cinn rinneadh i ngach gné den ERA ná i ngach Ballstát.

I mí Feabhra 2011, d'iarr an Chomhairle Eorpach an ERA a chur chun críche faoi 2014: "Tá limistéar aontaithe taighde ag teastáil ón Eoraip chun tallann agus infheistíocht a mhealladh. Mar sin, ní mór aon bhearna atá fós ann a líonadh go mear agus an ERA a chur ar bhun faoi 2013 d'fhonn fíormhargadh aonair um fhaisnéis, thaighde agus nuálaíocht a chruthú. Go háirithe, ba cheart iarrachtaí a dhéanamh chun soghluaiseacht agus deiseanna thaighdeoirí a fheabhsú, agus chun soghluaiseacht chéimithe agus mealltacht na hEorpa do thaighdeoirí eachtrannacha a fheabhsú fresisin."

Eagrófar comhdháil sa Niocóis, an Chipir, ar an 14 Samhain maidir le todchaí an ERA[1].

[1] http://www.cy2012.eu/index.php/en/political-calendar/areas/competitiveness/presidency-conference-completing-the-european-research-area-in-the-context-of-the-innovation-union

**Beartas tionsclaíoch agus a rannchuidiú san fhás agus sa téarnamh eacnamaíoch**

Bhí deis ag Airí tuairimí a mhalartú maidir le huasdátú ar **bheartas tionsclaíoch na hEorpa** agus a rannchuidiú don fhás agus don téarnamh eacnamaíoch. Mheas siad freisin bearta sonracha chun tacú le **hearnáil na tógála** agus le **hearnálacha an chultúir agus na cruthaitheachta**.

Ghlac an Chomhairle conclúidí maidir le **príomhtheicneolaíochtaí cumasaithe** *(14887/12)*, teicneolaíochtaí atá an-tábhachtach ó thaobh iomaíochas agus nuálaíocht na tionsclaíochta agus an gheilleagair ina iomláine, lena n-áirítear i réimsí amhail an nanaitheicneolaíocht, an bhiteicneolaíocht agus ábhair shárfhorbartha. Leis sin, tugadh an solas glas don lainseáil den **Chomhphairtíocht Nuálaíochta Eorpach ar Amhábhair**.

***- Uasdátú ar an tionscadal suaitheanta um beartas tionsclaíoch***

I ndiaidh don Choimisiún cur i láthair a dhéanamh ar a "Nuashonrú ar an teachtaireacht um Beartas tionsclaíoch: Rannchuidiú don fhás agus don téarnamh eacnamaíoch" a eisíodh an 10 Deireadh Fómhair[1], leag Airí béim ar an tábhacht a bhaineann le dlús a chur le gníomhaíochtaí in earnálacha straitéiseacha a bhfuil acmhainn téagartha iontu chun bonn taca a chur faoi iomaíochas agus faoi chruthú post.

Cabhróidh toradh na bpléití seo leis an ullmhú do na Conclúidí ón gComhairle maidir le beartas tionsclaíoch atá fós le cur faoi bhráid an chruinnithe ag bheidh ag an gComhairle (Iomaíochas) i mí na Nollag.

Dhírigh an díospóireacht ar cheithre cholún atá i ngéarghá aire mar dhroch-thoradh ar an ngéarchéim eacnamaíoch:

– infheistíocht i dteicneolaíochtaí nua agus nuálacha a spreagadh;

– ligean do chuideachtaí an AE an leas is fearr is féidir a bhaint as an margadh inmheánach agus as margaí idirnáisiúnta;

– rochtain ar airgeadas a fheabhsú; agus

– infheistíocht i scileanna agus in acmhainní daonna a mhéadú.

Aithníodh margaí nua insaothraithe chomh maith a d'fhéadfadh cur le tionscal monaraíochta a bheadh láidir nuálach agus iomaíoch agus a d'fhéadfadh bealach fáis gheilleagar an AE a athshlánú.

[1] http://ec.europa.eu/enterprise/policies/industrial-competitiveness/index_en.htm

***- Earnáil na tógála***

Thug Airí aghaidh ar staid earnáil na tógála sna tíortha éagsúla agus ar na bearta a cuireadh i bhfeidhm freisin nó atá ceaptha le cur i bhfeidhm mar bhonn taca don earnáil ag an leibhéal náisiúnta.

Fearadh fáilte roimh an bplean gníomhaíochta arna dhréachtadh ag an gCoimisiún chun an earnáil seo a chur chun cinn mar phríomhfhoinse fáis i ndáil le poist a chruthú *(13186/12)*.

Cuimsítear sa straitéis seo plean gníomhaíochta ar mhaithe le hiomaíochas inbhuanaithe na hearnála agus a cuid fiontar agus a dhíríonn ar chúig phríomhchuspóir, de réir mar a foilsíodh sin an 31 Iúil 2012: coinníollacha infheistíochta fabhracha a spreagadh; acmhainní daonna a fheabhsú; éifeachtúlacht atá tíosach ar acmhainní a fheabhsú; an margadh inmheánach a neartú; iomaíochas domhanda chuideachtaí an AE a chothú.

Cuireann an straitéis béim ar chláir chuí um thionscadail i ndáil le deisiú, le cothú agus le hathchóiriú chomh maith le hionstraimí cuí fioscacha agus airgeadais taobh le sásraí creidmheasa ar mhaithe le tabhairt faoi chuspóirí uailmhianacha inbhuanaithe.

Is factóir eacnamaíoch ollmhór atá san earnáil seo. San iomlán, gintear léi beagnach 10% den OTI agus baineann 20 milliún post léi, don chuid is mó i bhfiontair bheaga agus i micrifhiontair.

***- Earnálacha an chultúir agus na cruthaitheachta***

Rinne an Coimisiún a theachtaireacht maidir le "Earnálacha an chultúir agus na cruthaitheachta agus deiseanna fáis san AE" *(14256/12)* a chur i láthair, arna fhoilsiú an 26 Meán Fómhair 2012, agus ina dhiaidh sin rinne Airí measúnú ar dheiseanna féideartha i dtaca do na hearnálacha seo.

Cuireadh béim ar an tábhacht eacnamaíoch a bhaineann le hearnálacha an chultúir agus na cruthaitheachta agus an ról atá acu san fhostaíocht agus i gcruthú post chomh maith leis an méid a gcuireann siad le timpeallacht chuí a chruthú lena n-éascaítear poist a chruthú.

Caitheadh solas ar roinnt tionscnamh d'fhonn na hearnálacha seo a chur chun cinn.

Leagtar amach sa teachtaireach sin straitéis il-sraitheach chun cabhrú leis na hearnálacha seo iad féin a chomhoiriúnú don timpeallacht inathraitheach agus a n-acmhainn a lánfhuascailt ar mhaithe le fás a chothú.

Tá ró tábhachtach in eacnamaíocht agus i gcultúr na hEorpa ag earnálacha an chultúir agus na cruthaitheachta (amhail ailtireacht, cartlanna agus leabharlanna, ceardaíocht na n-ealaíon, an réimse closamhairc, oidhreacht chultúrtha, dearadh faisin, ceoltóireacht, foilsitheoireacht etc.). Is ionann iad agus 3.3% den OTI agus 3% d'fhostaíocht an AE. Tá tábhacht ag baint leo, ámh, má smaoinítear ar na hearnálacha eile a bhraitheann ar ábhar cultúrtha agus cruthaitheach.

***- Príomhtheicneolaíochtaí cumasaithe / Comhpháirtíocht nuálaíochta ar amhábhair***

Rinne an Chomhairle plé ar phríomhtheicneolaíochtaí cumasaithe (PTCanna) agus formheasadh, trí bhíthin a Conclúidí uaithi, an straitéis a chuimsítear sa teachtaireacht ón gCoimisiún dar teideal "Straitéis Eorpach i gcomhair PTCanna - Bealach chun fáis agus post" an 2 Iúil 2012 (*12093/12)*.

San AE sainaithníodh mar PTCanna micrileictreonaic, nanaileictreonaic, fótónaic, ábhair sárfhorbartha, biteicneolaíocht thionsclaíoch agus teicneolaíochtaí sárfhorbartha sa mhonaraíocht.

Leis an straitéis seo um PTCanna, iarrtar fanacht san iomaíocht le príomhiomaitheoirí idirnáisiúnta an AE agus go gcuirfear le fás inbhuanaithe agus le poist a chruthú san AE agus aghaidh a thabhairt ar na dúshláin chomhshaoil agus shocaíocha is mó atá os comhair an AE inniu freisin.

Leis sin, tugadh an solas glas don lainseáil den Chomhphairtíocht Nuálaíochta Eorpach ar Amhábhair. *(7247/12)*. Coincheap iomlán nua atá sna Comhpháirtíochtaí Nuálaíochta Eorpacha lena n-iarrtar creat a chur ar fáil lena dtabharfar le chéile geallsealbhóirí ó gach réimse beartas chun seachbhearta soláthair agus éilimh a spreagadh nó a chomhtháthú i ngach cuid d'fháinne na nuálaíochta.

**An Gníomh um an Margadh Aonair**

Thug an Chomhairle dá haire staid reatha an dá bheart déag a áirítear sa "Gníomh um an Margadh Aonair I" agus bhí plé aici maidir leis an tslí chun tosaigh anois *(*14463/12*)*.

Tá gach ceann de na bearta seo, atá fós le glacadh faoin ngnáthnós reachtaíochta ag Parlaimint na hEorpa agus ag an gComhairle, ag céimeanna éagsúla sa phróiseas reachtaíochta.

Baineann an dá bheart déag seo le fás, le hiomaíochas agus le forás sóisialta agus cuimsíonn siad soghluaiseacht oibrithe, airgeadú FBManna agus cosaint tomhaltóirí i ndáil le hinneachar digiteach ag FBManna, soláthar poiblí agus na gréasáin thrasEorpacha. Iarrtar leo bacainní a laghdú agus éifeachtúlacht a fheabhsú ar mhaithe le gach duine sa mhargadh aonair: gnólachtaí, saoránaigh, tomhaltóirí agus oibrithe.

I bhfianaise na géarchéime eacnamaíche agus na ndúshlán sochaíoch atá romhainn, dheimhnigh an Chomhairle gurb é an margadh aonair ceann de na sócmhainní is tábhachtaí atá againn i ndáil le fás agus poist a chruthú agus, mar sin, gur gá bearta leanúnacha a dhéanamh d'fhonn an dá phríomhghníomh déag seo a chomhoiriúnú mar ábhar tosaíochta.

Thairis sin, nuair a ghlactar iad, ní mór trasuí agus cur i bhfeidhm tráthúil agus ceart de gach beart a dheimhniú sna Ballstáit ionas go mbeifear in ann tairbhe a bhaint astu ar mhaithe le gach gnólacht agus saoránch.

Chuir Airí fáilte freisin roimh an dara babhta de thograí den chéad tosaíocht ón gCoimisiún an 3 Deireadh Fómhair 2012 faoi raon feidhme an "Ghnímh um an Margadh Aonair II"[1], rud a chuirfidh leis an gcéad tacar de bhearta lenar iarradh an margadh aonair a chur chun críche trí mhuinín a mhéadú agus fás agus cruthú post a spreagadh.

D'fhógair an Uachtaránacht a tiomantas dréacht-Chonclúidí a chur isteach i ndáil le pacáiste an Ghnímh um an Margadh Aonair II ag an gComhairle Iomaíochais i mí na Nollag.

Ceiliúrfar an 20ú cothrom lae chruthú an mhargaidh aonair le linn "Sheachtain an Mhargaidh Aonair" ón 15 go dtí an 20 Deireadh Fómhair 2012 nuair a bheidh imeachtaí ar siúl i roinnt mhaith cathracha ar fud an AE. *http://www.singlemarket20.eu/en*

## An Clár Eorpach do Thomhaltóirí

D'fhormheas an Chomhairle rún maidir leis an gClár Eorpach do Thomhaltóirí do na blianta beaga romhainn *(*14464/12*)*.

Formhuiníonn an rún fís an Choimisiúin maidir le beartas tomhaltóirí arna leagan amach ina theachtaireacht "An Clár Eorpach do Thomhaltóirí - Muinín agus Fás a spreagadh " ón 22 Bealtaine 2012 *(10420/12* + *ADD 1)*.

[1] http://ec.europa.eu/internal_market/smact/docs/single-market-act2_en.pdf

**<u>Aon ghnó eile</u>**

**- Bonneagair thaighde**

Le linn an lóin oibre an 10 Deireadh Fómhair, phléigh Airí ról an Fhóraim Straitéisigh Eorpaigh um Bonneagair Taighde (ESFRI) chomh maith leis an athleanúint a rinneadh ar chur i bhfeidhm thionscadail an ESFRI; i láthair bhí Máire Geoghegan-Quinn, an Coimisinéir i gceannas ar ghnóthaí taighde agus nuálaíochta, agus Beatrix Vierkorn-Rudolp, Cathaoirleach an ESFRI.

**- Tionscal cruach na hEorpa**

Thug an Chomhairle dá haire tuarascáil ón gCoimisiún maidir leis an toradh ar an gcruinniú ardleibhéil sa Bhruiséil an 19 Meán Fómhair i ndáil le staid reatha agus todhchaí Thionscal cruach na hEorpa *(<u>14420/12</u>)*.

I láthair ag an gcruinniú seo bhí ionadaithe ón tionscal agus ó na ceardchumainn agus sainaithníodh aon réimse dhéag atá tábhachtach d'iomaíochas thionscal cruach na hEorpa. (i) iomaíochas idirnáisiúnta (lena n-áirítear caomhnaitheacht agus nósanna éagothrom trádála), (ii) an rochtain ar amhábhair, (iii) costais bhreise mar gheall ar an reachtaíocht, (iv) cur i bhfeidhm bheartas aeráide an AE, (v) cuspóirí bheartas aeráid an AE i ndiaidh 2020, (vi) costais an fhuinnimh, (vii) beartas an AE maidir le héifeachtúlacht atá tíosach ar acmhainní, (viii) easpa scileanna, (ix) comhoiriúnú féideartha na n-acmhainní, (x) taighde agus nuálaíocht agus (xi) seachbheartas éilimh a spreagfaidh téarnamh sna príomhearnálacha seo.

Thacaigh roinnt toscaireachtaí leis an moladh chun an chéad chruinniú ardleibhéil eile a thionól i mí na Samhna agus chuir in iúl a n-ullmhacht chun cur go gníomhach le hiarrachtaí chun iomaíochas thionscal cruach na hEorpa a chaomhnú is a fheabhsú.

**- Fóram Turasóireachta na hEorpa (an Niocóis, 25-26 Deireadh Fómhair)**

Thug an Chomhairle dá haire na hullmhúcháin a bhain leis an 11ú Fóram Turasóreachta a bheidh ar siúl sa Niocóis, an Chipir, an 25 agus 26 Deireadh Fómhair *(<u>14385/12</u>)*.

**- Cúnamh stáit don tionscal scannánaíochta**

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis ó thoscaireacht na Gearmáine maidir le dréacht-teachtaireacht ón gcoimisiún i ndáil le cúnamh stáit don tionscal scannánaíochta agus don earnáil closamhairc (http://ec.europa.eu/competition/consultations/2011_state_aid_films/index_en.html).

**- Nósanna oibre na Comhairle (Iomaíochas)**

Le linn an lóin oibre an 11 Deireadh fómhair, phléigh na hAirí iomaíochais bealaí chun feabhas a chur ar nósanna oibre na Comhairle Iomaíochais, go háirithe d'fhonn feabhas a chur ar éifeachtúlacht na n-imeachtaí i ndáil le faireachán a dhéanamh ar bheartais a bhaineann leis an gClár Oibre Eorpach um Fhás.

## ÁBHAIR EILE A FORMHEASADH

### *TAIGHDE*

**an Ailgéir - an Bhreasaíl - Comhaontuithe um chomhar eolaíoch agus teicneolaíoch**

Ghlac an Chomhairle cinneadh lena n-iarrtar comhaontú um chomhar teicneolaíochta a chur i gcrích leis an Ailgéir *(17318/11)*.

D'fhormheas freisin an comhaontú um chomhar eolaíoch agus teicneolaíoch idir an AE agus an Bhreasaíl a athnuachan le haghaidh tréimhse cúig bliana eile (*10475/12)*.

### *DLÍ NA gCUIDEACHTAÍ*

**Treoir maidir le coimircí a chomhordú - Leagan uasdátaithe**

D'fhormheas an Chomhairle leagan athmhúnlaithe de Threoir atá ann cheana, 77/91/CEE maidir le comhordú coimircí atá riachtanach, ar mhaithe le leasanna comhaltaí agus daoine eile a chosaint, agus lena gcuireann Bhallstáit ceanglais ar chuideachtaí de réir bhrí an dara mír d'Airteagal 58 den Chonradh i leith foirmiú cuideachtaí dliteanais theoranta poiblí agus cothabháil agus athrú a gcaipitil, d'fhonn coimircí den sórt sin a dhéanamh coibhéiseach *(PE-CONS 50/12 agus 14263/12 ADD1)*.

Iarrtar leis an treoir sin forálacha náisiúnta a bhaineann le foirmiú agus cothabháil na gcuideachtaí dliteanais theoranta poiblí a chomhordú.

### *FUINNEAMH*

**Comhphobal an Fhuinnimh - 10ú Comhairle na nAirí**

Ghlac an Chomhairle cinneadh lena mbunaítear seasamh an Aontais Eorpaigh ag cruinniú na nAirí mar chuid de Chomhphobal an Fhuinnimh a bheidh ar siúl an 18 Deireadh Fómhair 2012 in Budva (Montainéagró) agus d'fhormheas an clár oibre.

http://www.energy-community.org/portal/page/portal/ENC_HOME